# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2003

## GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL

## PÁIPÉAR I

(220 marc)

**DÉARDAOIN 5, MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 3.50**

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

**Ceist 1** *agus* **Ceist 2** a fhreagairt.

THALL →

## CEIST 1 - CEAPADÓIREACHT - [120 marc]

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

### A - GIOTA LEANÚNACH - (60 marc)

Scríobh **giota leanúnach** (leathleathanach nó mar sin) ar **cheann amháin** de na hábhair seo:-

(i) Caithimh Aimsire atá ag daoine óga in Éirinn inniu.
(ii) Cairde.
(iii) Áit cháiliúil a thaitníonn go mór liom.

### B - SCÉAL - (60 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh **ceann** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

(i) "Bhí mé féin agus mo chara taobh amuigh den dioscó. Chuir sé (nó sí) bosca beag isteach i mo láimh. Ansin rith sé (nó sí). D'fhéach mé timpeall. Bhí Garda ag siúl i mo threo …"

**nó**

(ii) "Is cuimhin liom an lá go maith. Bhí Charlie Byrd agus fear ceamara as RTÉ ag fanacht linn taobh amuigh den scoil…"

### C - LITIR - (60 marc)

(i) Bhí tú ar saoire i dteach d'aintín i Meiriceá (nó i dtír éigin eile). Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat faoi sin.

**nó**

(ii) Bhí alt sa nuachtán *Foinse* a dúirt nach bhfuil sé ceart go mbeadh daltaí Ardteistiméireachta ag obair gach tráthnóna tar éis na scoile agus ag an deireadh seachtaine. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin sin.

### D – COMHRÁ - (60 marc)

(i) Is maith leatsa na cláir theilifíse ar TG 4 ach ní fhéachann do chara ar TG 4 in aon chor. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh.

**nó**

(iii) Ba mhaith leat dul ar saoire le do chairde tar éis na hArdteistiméireachta ach níl do mháthair (nó d'athair) sásta cead a thabhairt duit imeacht. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh.

| CEIST 2 | - LÉAMHTHUISCINT - | [100 marc] |
|---|---|---|

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

## A - (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

# GAY BYRNE : A ÓIGE



**1.** Tá Gay Byrne ar dhuine de na craoltóirí is mó a chuaigh i bhfeidhm ar mhuintir na hÉireann le daichead bliain anuas. Phós a thuismitheoirí, Edward agus Anne, i mBéal Feirste sa bhliain 1916. Bhí Edward ina shaighdiúir in arm Shasana. Bhí air filleadh ar an gCéad Chogadh Domhanda tar éis dóibh pósadh. Nuair a d'fhill Edward ar an gcogadh, rinne Anne margadh (socrú) le Dia. Ba é an margadh a rinne sí ná dá dtiocfadh Edward ar ais slán sábháilte chuici go rachadh sí chuig an Aifreann gach maidin an chuid eile dá saol. "Tháinig sé slán agus choinnigh sí an margadh", a deir Gay.

**2.** Ag obair le comhlacht Arthur Guinness a bhí a athair. Thagadh sé abhaile lena phá gach seachtain, shíneadh chuig Anne é agus thugadh sí roinnt ar ais dó. Bhásaigh a athair nuair a bhí Gay fós ar scoil. D'athraigh bás a athar saol Ghay ar fad. "Murach bás m'athar," ar sé, "tá seans ann go rachainn chuig an ollscoil". Ach bhí a fhios aige go gcaithfeadh sé dul ag obair. Thosaigh sé ag obair le comhlacht árachais.

**3.** Ba é Gay an duine b'óige den chlann agus bhí cónaí ar an gclann i dteach i Sráid Rialto a raibh dhá sheomra thuas staighre agus dhá sheomra thíos staighre ann agus leithreas taobh amuigh. Is cuimhin le Gay tréimhsí fada a chaitheamh timpeall ar Shráid Rialto agus gan tada le déanamh acu mar nach ndeachaigh siad in aon áit. "Caithfidh tú cuimhneamh air", a deir sé, "nach raibh gluaisteán, ná airgead, ná teileafón againn.

**4.** Gach maidin, ar feadh ceithre bliana, théadh Gay chuig an scoil agus faitíos an domhain air mar bhí a fhios aige "go mbuailfí go dona é an lá sin". Stop an bualadh seo nuair a bhí sé sa séú bliain. Bhí an Bráthair Liam Ó Laoghaire ann an bhliain sin. "Bhí sé go hálainn", a deir sé, " níor bhuail sé aon duine riamh. Ní raibh le déanamh aige ach féachaint ort os cionn a chuid spéaclaí agus ba leor sin chun smacht a choinneáil ar an rang". Tá meas ag Gay ar an oideachas sármhaith a fuair sé ó na Bráithre Críostaí.

**5.** Ba í a mháthair an duine ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ar Ghay. "Bean bheag chliste shláintiúil ba ea í. Bhí ardmhianta aici dúinn ar fad," ar sé. Thuig sí chomh tábhachtach agus a bhí an t-oideachas agus ba mhaith léi go n-éireodh thar cionn leo. Spreag sí Gay chun a bheith ar an gcraoltóir ab fhearr dá bhfaca an tír seo riamh. Nuair a bhásaigh sí Oíche Nollag 1963 ní raibh a shaol in RTÉ ach ag tosú.

(i) Cén margadh (socrú) a rinne Anne, máthair Ghay, le Dia (*Alt 1*)? (10 marc)

(ii) Conas a d'athraigh bás a athar saol Ghay ar fad (*Alt 2*)? (10 marc)

(iii) In *Alt 3* deirtear go raibh 'cónaí ar an gclann i dteach i Sráid Rialto'. Luaigh **dhá rud** atá san alt sin faoin saol a bhí acu i Sráid Rialto. (10 marc)

(iv) Cén fáth ar thaitin an Bráthair Liam Ó Laoghaire leis, dar leat (*Alt 4*)? (10 marc)

(v) "Ba í a mháthair an duine ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ar Ghay" a deirtear in *Alt 5*. Luaigh **dhá rud** faoi mháthair Ghay atá in Alt 5. (10 marc)

**THALL →**

**B - (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

# STAID NUA PHÁIRC AN CHRÓCAIGH

**1.** Tá cáil mhór ar Pháirc an Chrócaigh mar gheall ar na cluichí peile, iománaíochta, camógaíochta agus liathróid láimhe a bhíonn ar siúl ann. Ach cad a bheidh ar siúl sa staid iontach seo Dé Sathairn an 21 lá de Mheitheamh? Beidh oscailt oifigiúil na gCluichí Oilimpeacha Speisialta 2003 ar siúl, áit a mbeidh 80,000 duine i láthair. Seo é an chéad uair do na cluichí seo a bheith ar siúl taobh amuigh de Stáit Aontaithe Mheiriceá. 7,000 lúthchleasaí speisialta as 166 tír a bheidh páirteach sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta.

**2.** Beidh na milliúin ag féachaint ar an oscailt oifigiúil ar an teilifís agus feicfidh siad an staid iontach nua-aimseartha atá tógtha i bPáirc an Chrócaigh. Ach ní mar sin a bhí sé i gcónaí. Ráschúrsa a bhí ann ar dtús. Cheannaigh Cumann Lúthchleas Gael an áit i 1913 agus gan ann ach dhá ardán bheaga. Úsáideadh an brúscar a bhí fágtha i Sráid Uí Chonaill tar éis Éirí Amach 1916 chun Cnoc 16 a thógáil i 1917. Scaip scéal mór ar fud an domhain i mí na Samhna 1920, nuair a mharaigh na Dúchrónaigh (saighdiúirí Briotanacha) 13 duine a bhí i láthair ag cluiche peile idir Baile Átha Cliath agus Tiobraid Árann i bPáirc an Chrócaigh. Duine acu sin a maraíodh ba ea Mícheál Ó hÓgáin. Tógadh dhá ardán ina dhiaidh sin, Ardán Uí Ógáin agus Ardán Uí Chíosóig.

**3.** Idir 1928 agus 1932 bhíodh na Cluichí Tailteann ar siúl ann. Bhíodh foirne as tíortha eile an domhain ag teacht chugainn… Ceanada, an Nua Shéalainn, agus an Afraic Theas ina measc. Ná ceap gur cluichí Gaelacha amháin a bhí / a bhíonn ar siúl i bPáirc an Chrócaigh. I 1953 imríodh Peil Mheiriceánach ann. Ó am go chéile bíonn ceolchoirmeacha ar siúl ann



**An Staid Nua**

ag réaltaí ceoil cosúil le Tina Turner, Neil Diamond, Garth Brooks, Elton John agus Billy Joel. I samhradh 1974 bhí comórtas dornálaíochta ann idir Muhammed Ali, curadh an domhain agus Al 'Blue' Lewis. Bhuaigh Ali an troid, ar ndóigh!

**4.** Deich mbliana ó shin dúradh gur cheart staid nua-aimseartha a thógáil. Osclaíodh Ardán nua Uí Chíosóig i 1998 agus osclaíodh Ardán nua Uí Ógáin an bhliain seo caite. Tógadh seomraí nua nó 'boscaí speisialta' a bhíonn in úsáid nuair a bhíonn cluichí móra ar siúl. Glacann na comhlachtaí móra ar cíos iad agus bíonn béilí blasta ar fáil agus radharc acu ag an am céanna ar na cluichí thíos fúthu. Chomh maith leis sin tá áiseanna iontacha ann le haghaidh cruinnithe agus taispeántas de gach sórt. 97 seomra nua cruinnithe atá ann agus gach áis nua-aimseartha iontu. Is féidir le breis agus 1000 duine freastal ar chruinniú i halla galánta faoi Ardán Uí Ógáin.

(i) Cad a bheidh ar siúl i bPáirc an Chrócaigh ar an 21ú lá de Mheitheamh 2003 (*an chéad alt*)? (10 marc)

(ii) "Ní mar sin a bhí sé i gcónaí" a deirtear *sa dara halt* faoi Pháirc an Chrócaigh. Cad a bhí ann ar dtús? (10 marc)

(iii) Deirtear sa *dara halt* gur scaip scéal mór ar fud an domhain i 1920. Cén scéal mór atá i gceist? (10 marc)

(iv) "Ná ceap gur cluichí Gaelacha amháin a bhí / a bhíonn ar siúl i bPáirc an Chrócaigh" a deirtear sa *tríú halt.* Luaigh **dhá rud** <u>eile</u> san alt sin a bhí nó a bhíonn ar siúl ann. (10 marc)

(v) Luaigh **dhá rud** nua atá luaite sa *cheathrú halt* atá tógtha i bPáirc an Chrócaigh le deich mbliana anuas. (10 marc)

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán